

## **Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh**

### **Beartas um Chosaint Leanaí**

#### **Ráiteas Tosaigh**

(a) Ullmhaíodh an beartas seo i rith na scoilbhliana 2009 – 10. D'ullmhaigh beirt bhall den Bhord bhainistíochta an Beartas seo, agus bhí an fhoireann teagaisc, an Bord Bainistíochta agus na tuismitheoirí páirteach ann.

(b) Tá na Beartas um Chosaint Leanaí á ullmhú faoi láthair chun treoir a thabhairt agus comhairle a chur ar fáil don Bhord Bhainistíochta agus d'fhoireann na scoile agus iad ag déileáil le líomhaintí go ndearnadh mí-úsáid ar pháistí nó aon amhras ina leith.

(c) Tá achoimre de Bheartas na Scoile um Chosaint Leanaí crochta os comhair an príomhdhorais agus tá sé foilsithe ar shuíomh Gréasáin na scoile [www.scoiluidhalaigh.ie](http://www.scoiluidhalaigh.ie).

Tá glactha ag an mBord Bainistíochta le 'Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile' na Roinne agus déanfar a gcur i bhfeidhm go hiomlán, gan athrú gan leasú mar chuid den pholasaí ginearálta maidir le caomhnú leanaí.

#### **Duine Caidrimh Ainmnithe (DCA)**

Tá ról ar leith ag an DCA maidir le Cosaint Leanaí. Is chóir aon bhuairt maidir le cosaint leanaí a thabhairt chuig an DCA agus tá sé ansin de dhualgas ag an DCA tabhairt faoi an mbuairt seo mar atá mínithe thíos- **An Modh Tuairiscithe.**

Tá an Príomhoide, Ciarán Ó Raghallaigh mar DCA na scoile. Mura bhfuil an Príomhoide ar fáil, glacfaidh an Príomhoide Tánaisteach, Maebh Uí Irile, nó an Príomhoide Cúnta, Bríd Ní Sheachnasaigh, atá ainmnithe ag an mBord Bainistíochta chomh maith, leis an ról sin. Tá freagracht faoi leith ag an DCA as cosaint leanaí. Déanfaidh sé/sí ionadaíocht ar son na scoile agus é/í ag plé leis an Boird Sláinte, an Garda Síochána, TUSLA agus páirtithe eile maidir le líomhaintí mí-úsáide. Ba chóir gach rud a bhaineann le próiseáil nó fiosrú mí-úsáid leanaí a riar tríd an DCA.

#### **Treoirínnte chun mí-úsáid Leanaí a aithint**

Caithfear comhthéacs iomlán de chás am linbh agus cúinsí teaghlaigh a chur san áireamh agus na comharthaí agus airíonna go léir á iniúchadh. Tá trí chéim ann de gnáth chun mí-úsáid leanaí a aithint.

Seo iad:

- An fhéidearacht a mheas
- Bheith san airdeall ar chomharthaí mí-úsáide
- An t-eolas a thaifeadadh

#### **Conas déileáil le h-eolas a nochtann Páistí**

Nuair a chuireann páiste faisnéis ar fáil faoi rún ní mór don bhall foirne déileáil leis/léi le stuamacht agus é/í ag freagairt don eolas a nochtar. Ní mór don bhall foirne an páiste a chur ar a s(h)uaimhneas agus a m(h)uinín a choinneáil, agus é/í ag míniú don pháiste an gá atá le gníomh a dhéanamh agus na torthaí a d'fhéadfadh a bheith air seo, torthaí ina gcaithfidh

sé a bheith i gceist an t-eolas a roinnt le daoine fásta eile. Is den tábhacht é a insint don pháiste go ndéanfar gach ní is féidir chun cosaint agus tacaíocht a thabhairt dó/dí, ach gan gealltanais nach féidir a chomhlíonadh a thabhairt m.sh. ag gealladh gan an scéal a insint d'éinne eile. Glacfar leis go bhfuil tábhacht os cionn gach ní eile ag baint le leas an pháiste. Tabharfar aird ar mhianta an pháiste chomh fada agus is féidir ag cur a (h)aois agus a t(h)uiscint san áireamh.

Tairgítear an chomhairle seo leanas do phearsanra scoile lena nochtann páiste eolas faoi mhí-úsáid.

- Coimeád guaim (ort féin)
- Éist leis an bpáiste
- Ná cuir treoir cheisteanna ar an bpáiste agus ná déan moltaí
- Glac le gach nochtadh eolais go stuama
- Cuir an páiste ar a s(h)uaimhneas ach ná tabhair aon ghealltanais dó/dí
- Ná cuir bac ar pháiste agus é/í ag cuimhniú ar eachtraí suntasacha
- Ná lig don scéal dul i bhfeidhm ort as cuimse
- Míneigh dó/dí go mb'fhéidir go gcaithfear tuilleadh cabhrach a lorg
- Déan an díospóireacht a chlárú go cruinn agus coinnigh taifead de dhaltaí, amantaí/uaireanta, áiteanna, chomhthéacs, agus mhion-sonraí fíorasacha an chomhrá

Ba chóir an t-eolas seo a chur in iúl don DCA ansin agus taifead a choimeád sa scoil.

Rachaidh an DCA i dteagmháil le TUSLA agus lorgófar comhairle uathu bunaithe ar an tuairisc faighte. Sa chás go mholtar tuairisc a chlárú le TUSLA déanfar sin. Cailthfear cloí leis an nós imeachta chun tuairisc a thabhairt de réir Treoirlínte Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí (Children's First). Agusín 10, leathanach 38, mír 4.4. Cailthfear faisnéis chuig Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta go bhfuil tuairisc seolta chuig na húdaráis cuí.

Ba chóir d'aon duine proifisiúnta a bhfuil ábhar imní aige/aici faoi pháistí a bheith á mhí-úsáid fios a chur ar an tuismitheoirí / caomhnóirí má tá tuairisc á chur bhráid an Bhoird Sláinte nó an Gharda Síochána ach amháin má mheastar go bhfuil seans ann go gcuirfidh sé seo an páiste i mbaol.

I gcásanna éigeandála, má cheaptar go bhfuil páiste i bhfíor bhaol láithreach, agus mura bhfuil fáil ar oibrí shóisialta atá ar diúité, ba chóir dul i dteagmháil leis an nGarda Síochána. Ní chóir, ar chuimse ar bith, páiste a fhágáil in éigeandáil ag feitheamh ar an mFeidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte.

Coiméadfar cuntas rúnda sa scoil ar an cás agus beidh eolas ag oide ranga reatha an pháiste ar an mbuairt agus na hoidí ranga an pháiste amach anseo freisin más buairt leanúnach a bhfuil ann.

### **Líomhaintí in aghaidh Fostaithe Scoile**

Is é an rud is tábhachtaí atá le cur san áireamh ag an gCathaoirleach, ag an mbord Bainistíochta agus ag an DCA ná sábháilteacht agus cosaint an linbh. Mar sin féin, ní mór a bheith cúramach go gcaithfear go cóir leis an bhfostaí in aghaidh líomhaintí atá bréagach nó mailíseach. Ba chóir don Bhoird Bainistíochta, mar fhostóirí, comhairle

dlíodóra a lorg i gcónaí sna cásanna seo toisc nach ionann na himthosca ó chás go chéile.

Tá dhá mhodh le leanúint:

- i) an modh tuairiscithe maidir leis an líomhain;
- ii) an modh chun déileáil leis an bhfostaí.

Tá an Duine Caidrimh Ainmnithe freagrach as tuairisc ar an ngnó a thabhairt don bhord sláinte cuí. Tá Cathaoirleach an Bhoird bhainistíochta, agus é/í ag gníomhú i gcomhairle lena B(h)ord Bainistíochta, freagrach as plé le saincheist na fostaíochta. Más in aghaidh an Duine Caidrimh Ainmnithe a dhéantar an líomhain mí-úsáide, áfach, glacfaidh Cathaoirleach an Bhoird bhainistíochta freagracht as tuairisc ar an ngnó a thabhairt don bhord sláinte.

### **An Modh Tuairiscithe**

Nuair a dhéantar líomhain faoi mhí-úsáid in aghaidh fostaí scoile, ba chóir don DCA sa scoil gníomhú láithreach de réir na modhanna atá rianaithe i Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí.

Ba chóir ráiteas scríofa faoi líomhain a iarraidh ar an duine/ngníomhaireacht atá ag déanamh na líomhna (is féidir le tuismitheoirí/caomhnóirí ráiteas a sholáthair thar ceann an pháiste). Ba chóir don DCA eolas faoin líomhain a thabhairt do Chathaoirleach an Bhoird Bainistíochta i gcónaí. Fostaithe scoile, seachas an DCA, a fhaigheann líomhaintí in aghaidh fostaí scoile eile faoi mhí-úsáid, ba chóir dóibh tuairisc faoin ngnó a thabhairt gan mhoill don DCA.

Ba chóir d'fhostaithe scoile a dtagann amhras orthu faoi iompar fostaí scoile eile dul i gcomhairle leis an DCA. Ba chóir don DCA ansin, gníomhú de réir na modhanna atá leagtha síos i Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí.

### **An Beart atá le déanamh ag an gCathaoirleach**

Nuair a fhaigheann Cathaoirleach Boird Bhainistíochta fios faoi líomhain mí-úsáide in aghaidh fostaí scoile, ba chóir dó/dí eolas a thabhairt don fhostaí go príobháideach faoi na nithe seo:

- i) Gurb amhlaidh go bhfuil líomhain déanta in (h)aghaidh:
- ii) nádúr an líomhna
- iii) cé acu an bhfuil tuairisc faoin ngnó tugtha ag an DCA don bhord sláinte cuí nó nach bhfuil.

Ba chóir cóip den líomhain scríofa nó aon doiciméadú ábhartha eile a thabhairt don fhostaí. Ba chóir a iarraidh ar an bhfostaí freagra ar an líomhain a thabhairt i scríbhinn don Bhord Bainistíochta faoi ceann aimsire a luaitear.

Ba chóir a insint don fhostaí go gcaithfí an míniú a thabharfaidh sé/sí don Bhord Bainistíochta a thabhairt do na Gardaí, don Bhord Sláinte agus do chomhairleoirí dlí.

Ba chóir a mheabhrú gurb é an chéad tosaíocht féachaint chuige nach gcuirtear aon pháiste i mbealach priacail gan riachtanas. Ba chóir na gníomhartha seo a bheith i gcomhréir le

méid an phriacail agus níor chóir go gcuirfidís pionós míréasúnta ar an bhfostaí, ó thaobh airgid nó ar mhodh eile, mura gá ea chun páiste a chosaint.

Más é tuairim an Chathaoirligh go n-éilíonn an líomhain beart láithreach, ba chóir dó/di cruinniú den Bhord Bainistíochta a thionól chun an cás a mheas. Déanfaidh an Bord aon aiseolas a mheas a thagann ón mFeidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte. Dá bhrí sin, b'fhéidir, ag eascairt as sin, go mbeadh ar an mBord iallach a chur ar an bhfostaí fanacht as láthair ón scoil láithreach bonn ar scor riarthach, fad a bhíonn an gnó á iniúchadh. Mura bhfuil an Bord Bainistíochta cinnte go n-éilíonn nádúr na líomhaintí as láithreach an fhostaí ón scoil, ba chóir dó/dí dul i gcomhairle leis an nGarda Síochána, leis an mBainisteoir um Chúram Leanaí sa Bhord Sláinte agus le comhairleoirí dlí an Bhoid Bhainistíochta.

### **Cead Scoir Riarthach:**

Má dhéanann an Bord Bainistíochta cinneadh gur chóir don fhostaí glacadh le as láithreach d'fhéachfaí ar an as láithreach sin mar cead scoir riarthach le pá agus ní mar fhionraíocht. Ní thabharfadh cead scoir dá leithéid le tuiscint go raibh ab fostaí scoil ciontach ar aon mhodh. Má théitear i muinín cead scoir riarthach, dá leithéid ba chóir teagmháil a dhéanamh leis an Roinn Oideachais agus Scileanna láithreach.

### **An Bord Bainistíochta**

Níor mhór don Cathaoirleach na sonraí ar fad a thabhairt don Bhord Bainistíochta agus a mheabhrú do na ball na dualgais thromchúiseacha atá orthu maidir le dian rúndacht faoi gach ní a bhaineann leis an saincheist. Ba chóir don Bhord Bainistíochta cloí le prionsabail na próise dleachtaí agus an chirt nádúrtha.

### **Critéir Rathúlachta**

Tá an Beartas um Chosaint Leanaí ar taispeáint ar shuíomh Gréasáin na scoile agus achoimre de crochta os comhair an phríomhdhorais.

Tá gach duine bainteach leis an scoil eolach ar ábhar an bheartais, cé acu daltaí, tuismitheoirí, caomhnóir, múinteoirí, nó fostaithe scoile eile iad nó cé acu daoine atá ar cuairt ar chúis ar bith nó baill den Bhord Bhainistíochta iad.

Leantar nósanna imeacht, mar atá rianaithe, i ngach cás de líomhaintí go ndearnadh mí-úsáid ar pháistí.

### **Cur i bhfeidhm an Bheartais**

#### **(a) Róil agus Freagrachtaí**

Tá róil shainiúla agus freagrachtaí, mar atá rianaithe sa bheartas, ag an bPríomhoide, an Príomhoide Tánaisteach agus an Príomhoide Cúnta, an múinteoir ranga, ag Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta agus baill an Bhoird Bhainistíochta.

#### **(b) Clár Ama don chur i bhfeidhm**

Cuirfear an Beartas i bhfeidhm ar an 31/08/2016

### **Athbhreithniú**

Athbhreithneofar an beartas tar éis bliain amháin nó níos luaithe má mheastar go bhfuil gá dá leithéid.

## **Daingniú agus Cumarsáid**

Daingnithe ag Bord Bhainistíochta Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh ar an --/--/2016.

## **Comhthathú le Polasaithe Eile**

OSPS: Beidh an clár Bí Sábháilte, ag a bhfuil tagairt déanta sa pholasáí OSPS á chlúdú ag na ranganna ar fad.

Sláinte/Sábháltacht: Tá ceangailt tábhachtach idir an dá pholasáí os rud é gur sábháltacht na leanaí atá á chlúdú acu.

Frith-Bhullaíocht: D'fhéadfaí go mbeadh tagairt air an bpolasáí seo i gcás cosaint leanaí na scoile.

Cód Iompar: Tá sé tábhachtach an ceangailt seo a luaigh ag díriú ar iompar nach nglacfar leis a bhaineann le páirteanna príobháideacha an choirp.

Polasáí um Chosaint Shonraí: Déanfar próiseiseáil ar shonraí maidir le Cosaint Leanaí mar a bhfuil mínithe sa Pholasáí um Chosaint Shonraí

Sínithe: \_\_\_\_\_ Dáta: \_\_\_\_\_

Cathaoirleach an Bhord Bhainistíochta.

Scaipthe ar na páirtithe uile ar an --/--/2016